GX920

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

SCRÚDUITHE AN DARA SEIMEASTAR 1999

SCOIL NA GAEILGE

AN TRÍÚ BLIAIN
AN CEATHRÚ BLIAIN

GAEILGE

AN DARA PÁIPÉAR

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Máirtín Ó Briain

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Trí cheist le freagairt: **ceist amháin** as gach roinn.
Úsáid **freagarleabhar** ar leith do gach roinn.

ROINN A: NG 324 FILÍOCHT AN 18Ú HAOIS (CREIDMHEAS 0.5)

1 Is é an Seacaibíteachas an ghné is suntasaí d'fhilíocht an 18ú hAois. Do bharúil faoi sin.

2 Pléigh an tuairim gur bolscaireacht ar son an tSeacaibíteachais iad aislingí Aogáin Uí Rathaile.

3 Más áil linn an aisling a thuiscint i gceart, ní cóir ealaín na filíochta a scarúint ó thosca polaitíochta na cumadóireachta. Pléigh.

ROINN B: NG 324 NUACHTÁIN AGUS IRISÍ NA GAEILGE (CREIDMHEAS 0.5)

1 Déan cur síos agus plé ar thábhacht na n-irisí Gaeilge / dátheangacha a foilsíodh i Meiriceá le linn aimsir na hAthbheochana.

.../

2 Déan plé ar thábhacht na n-irisí agus na nuachtán Gaeilge / dátheangacha i bhforbairt na nualitríochta Gaeilge le linn aimsir na hAthbheochana.

3 Cén tábhacht a bhaineann leis an dá nuachtán *Inniu* agus *Amárach* i scéal iriseoireacht na Gaeilge?

4 Tabhair cuntas ar an iriseoireacht Ghaeilge do mhná agus déan plé ar an tábhacht a bhaineann léi.

ROINN C: NG 324 LITRÍOCHT AN 17Ú HAOIS (CREIDMHEAS 0.5)

1 Tabhair cuntas ar an úsáid a bhain Protastúnaigh agus Caitlicigh as an gclódóireacht lena dteagasc féin a chur i bhfeidhm ar phobal na Gaeilge sa 17ú hAois.

2 Déan trácht ar na stíleanna éagsúla próis a chleacht scríbhneoirí na Gaeilge sa 17ú hAois.

3 'Beannacht ar anmain Éireann' a chaoin Fear Flatha Ó Gnímh ag tús an 17ú hAois agus bhí cúis mhaith aige féin agus ag aos léinn agus dána na haoise sin lena leithéid de dhearcadh duairc a bheith acu faoi chúrsaí na hÉireann lena linn. Pléigh.

4 Déan cur síos ar ilghnéitheacht agus ar shaibhreas litríocht na Gaeilge sa 17ú hAois.